# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/1893 ÓN gCOMHAIRLE

**an 28 Deireadh Fómhair 2021**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/573/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Meán Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/573/CBES ([1]), a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2010/573/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an staid maidir leis na bearta sriantacha tar éis 6 mhí.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/573/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal (4)2 de Chinneadh 2010/573/CBES:

"2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022. Déanfar é a choimeád faoi athbhreithniú leanúnach. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. DOVŽAN

([1]) Cinneadh 2010/573/CBES ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive (IO L 253, 28.9.2010, lch. 54).